**Maidir le**

Iarratas bunaithe ar Airteagal 278 agus Airteagal 279 CFAE ag lorg, ar an gcéad dul síos, bac a chur ar fhorghníomhú chinneadh na Parlaiminte an 26 Samhain 2021 chun an conradh poiblí seirbhísí a dhámhachtain le haghaidh "Bainistiú iomlán lárionad cúram leanaí Pharlaimint na hEorpa sa Bhruiséil, lonnaithe ar Rue Wayenberg" chuig tairgeoir eile agus tairiscint an iarratasóra a dhiúltú, agus, ar an dara dul síos, a ordú don Pharlaimint na bearta is gá a ghlacadh chun éifeachtaí an chinnidh dámhachtana nó an chonartha a tugadh i gcrích tar éis an chinnidh sin a chur ar fionraí.

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an t-iarratas ar bhearta idirlinne a dhíbhe.

2) Déantar na costais a fhorchoimeád.

---

**Caingean arna tabhairt an 4 Feabhra 2022 – Interneto žiniasklaidos asociacija agus Páirtithe eile v an Coimisiún**

**(Cás T-72/22)**

(2022/C 171/56)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Interneto žiniasklaidos asociacija (Vilnias, an Liotuáin), All Media Lithuania UAB (Vilnias), All Media Radijas UAB (Vilnias) (ionadaí: K. Kačerauskas, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann na hiarratasóirí ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú go bhfuil an t-iarratas inghlactha agus go bhfuil bunús maith leis;

— an Litir atá faoi chonspóid a neamhniú ina hiomláine;

— a ordú don Choimisiún na costais uile a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir saincheist dlí amháin.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear measúnú míchuí ar an bhfaisnéis arna cur ar fáil ag na hiarratasóirí agus mainneachtain imscrúdú a dhéanamh ar na himthosca a ndéantar cur síos orthu sa ghearán, ar chuir na hiarratasóirí faoi bhráid an Choimisiúin an 21 Meitheamh 2020 maidir le státchabhair neamhdhleathach arna cur ar fáil le dícheall cuí don chraoltóir seirbhíse poiblí – VšĮ "Lietuvos Nacionalinis Radijas ir Televizija", rud a thug neamhaird iomlán ar staid fhíorasach agus earráidí dlí sa Litir arna glacadh ag an gCoimisiún. Ba é toradh na mainneachtana sin é sárú ar cheanglas nós imeachta riachtanach agus forálacha substainteacha lena rialaítear sásra rialaithe státchabhair arna bhunú in Airteagail 107(1) agus 108(3) CFAE. Léirítear fianaise de mheasúnú míchuí an Choimisiúin go háirithe leis na lochtanna a leanas lena gcuirtear an Litir ó bhail:

   (i) mhainnigh an Coimisiún a mhachnamh a dhéanamh ar agus comparáid a dhéanamh idir chomhoiriúnacht na scéime arbh ann dó roimh an 10 Nollaig 1994 agus an scéim arbh ann dó i ndiaidh 2015 agus athruithe 2020 ar an nGníomh um Raidió agus Teilifís Náisiúnta Liotuáineach Phoblacht na Liotuáine ("Gníomh RTL" as seo amach) leis an dícheall cuí is gá agus an caighdeán dlí is gá agus, dá réir, go ndearna sé sárú nós imeachta riachtanach;

   (ii) sháraigh an Coimisiún Airteagail 107(1) agus 108(3) CFAE de bharr gur mhainnigh sé a aithint gurb ionann athruithe 2015 agus 2020 ar Ghníomh RTL agus athruithe ar bheart státcabhrach, ar cheart a chomhordú leis an gCoimisiún.

(iii) sháraigh an Coimisiún Airteagail 107(1) agus 108(3) CFAE de bharr gur mhainnigh sé a aithint gurb ionann athruithe 2020 ar Ghníomh RTL agus athruithe ar bheart státchabhrach, ar cheart a chomhordú leis an gCoimisiún.

---

**Caingean arna tabhairt an 2 Márta 2022 – Belshyna v an Chomhairle**

**(Cás T-115/22)**

(2022/C 171/57)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Belshyna AAT (Bobruisk, an Bhealarúis) (ionadaithe: N. Tuominen agus L. Engelen, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2021/2125 ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis ([1]), agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2124 ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 8a(1) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha maidir leis an mBealarúis ([2]) (na Bearta atá faoi chonspóid) a chur ar neamhní; agus

— a ordú don Chomhairle costais an iarratasóra don chaingean seo a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Chomhairle earráid fhollasach measúnaithe tríd an iarratasóir a chur san áireamh sna hIarscríbhinní a ghabhann leis na Bearta atá faoi chonspóid. Eadhon, maíonn an t-iarratasóir go gcuirtear cúiseanna ar fáil leis na Bearta atá faoi chonspóid dá ainmniú atá gan údar, mícheart go fíorasach agus gan bhunús. Thairis sin, ní léiríonn na cúiseanna easpacha a chuirtear ar fáil nasc leorábhartha le raon feidhme na mbeart.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear nach sroichtear leis na Bearta atá faoi chonspóid an caighdeán cruthúnais is gá chun smachtbhannaí aonair a ghlacadh. Trí iarracht a dhéanamh leas a bhaint as bearta aonair chun an cuspóir a bhaint amach arb é gníomhaíochtaí gnó agus brabaigh fhiontar eachtrach faoi úinéireacht stáit a shrianadh é, chuir an Chomhairle beart de chineál neamhdhleathach i bhfeidhm.

([1]) IO L 430 I, lch. 16.
([2]) IO L 430 I, lch. 1.

---

**Caingean arna tabhairt an 3 Márta 2022 – Belavia v an Chomhairle**

**(Cás T-116/22)**

(2022/C 171/58)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Belavia – Belarusian Airlines AAT (Mionsc, an Bhealarúis) (ionadaithe: N. Tuominen agus L. Engelen, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh